II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/1884 ÓN gCOIMISIÚN

**an 27 Deireadh Fómhair 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar chlórantrainileapróil i bpiseánaigh**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás clórantrainileapróil, leagadh síos uasleibhéil iarmhar ("MRLanna") i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 cuireadh isteach iarratas ar lamháltas allmhairiúcháin maidir le clórantrainileapról a úsáidtear sna Stáit Aontaithe ar phiseánaigh. Deir an t-iarratasóir gurb iad iarmhair a sháraíonn MRL atá i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 an toradh ar úsáidí údaraithe na substaintí sin ar phiseánaigh sna Stáit Aontaithe agus go bhfuil MRL níos airde riachtanach chun bacainní trádála maidir le hallmhairiú na mbarr sin a sheachaint.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí atá ann don tomhaltóir agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi MRL atá beartaithe ([2]). Chuir sé an tuairim sin ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais go léir maidir le sonraí agus go raibh na modhnuithe ar an MRL a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir sé san áireamh an fhaisnéis is déanaí ar airíonna tocsaineolaíocha na substainte. Léiríodh nach baol do dhuine an iontógáil laethúil inghlactha a shárú mar gheall ar theagmháil ar feadh a shaoil leis an tsubstaint sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil gá le géardháileog thagartha a bhunú mar gheall ar phróifíl ghéarthocsaineachta íseal na substainte.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Tuarascálacha eolaíocha ó EFSA atá ar fáil ar líne: http://www.efsa.europa.eu:
*Reasoned opinion on the setting of import tolerances for chlorantraniliprole in strawberries and pulses* [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltais ar allmhairí a leagan síos le haghaidh clórantrainileapróil i sútha talún agus i bpiseánaigh]. EFSA Journal [*Iris EFSA*] 2020;18(11):6300.

(6) Ar bhonn na tuairime réasúnaithe ón Údarás agus na tosca a bhaineann leis an ábhar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air á gcur san áireamh, comhlíontar ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 leis na modhnuithe atá á mbeartú ar an MRL.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

I gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin le haghaidh clórantrainileapróil:

**"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

| **Códuimhir** | **Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo** [a] | **Clórantrainileapról (DPX E-2Y45) (F)** |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 0100000 | **TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN** | |
| 0110000 | **Torthaí citris** | 0,7 |
| 0110010 | Seadóga | |
| 0110020 | Oráistí | |
| 0110030 | Líomóidí | |
| 0110040 | Líomaí | |
| 0110050 | Mandairíní | |
| 0110990 | Eile (2) | |
| 0120000 | **Cnónna crann** | 0,05 |
| 0120010 | Almóinní | |
| 0120020 | Cnónna Brasaíleacha | |
| 0120030 | Cnónna caisiú | |
| 0120040 | Castáin | |
| 0120050 | Cnónna cócó | |
| 0120060 | Cnónna coill | |
| 0120070 | Macadaimia | |
| 0120080 | Cnónna peacáin | |
| 0120090 | Eithní cnónna péine | |
| 0120100 | Cnónna pistéise | |
| 0120110 | Gallchnónna | |
| 0120990 | Eile (2) | |
| 0130000 | **Torthaí póma** | 0,5 |
| 0130010 | Úlla | |
| 0130020 | Piorraí | |
| 0130030 | Cainchí | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0130040 | Torthaí ón meispeal Gearmánach | |
| 0130050 | Locuatanna | |
| 0130990 | Eile (2) | |
| 0140000 | **Torthaí cloiche** | 1 |
| 0140010 | Aibreoga | |
| 0140020 | Silíní (iad milis) | |
| 0140030 | Péitseoga | |
| 0140040 | Plumaí | |
| 0140990 | Eile (2) | |
| 0150000 | **Caora agus torthaí beaga** | |
| 0151000 | **(a) fíonchaora** | 1 |
| 0151010 | Fíonchaora boird | |
| 0151020 | Fíniúnacha coiteanna | |
| 0152000 | **(b) sútha talún** | 1 |
| 0153000 | **(c) torthaí cána** | 1 |
| 0153010 | Sméara dubha | |
| 0153020 | Eithreoga | |
| 0153030 | Sútha craobh (iad dearg agus buí) | |
| 0153990 | Eile (2) | |
| 0154000 | **(d) torthaí beaga eile agus caora eile** | |
| 0154010 | Fraocháin | 1,5 |
| 0154020 | Mónóga | 1 |
| 0154030 | Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán) | 1 |
| 0154040 | Spíonáin (iad glas, dearg agus buí) | 1 |
| 0154050 | Mogóirí róis | 1 |
| 0154060 | Maoildearga (iad dubh agus bán) | 1 |
| 0154070 | Torthaí ón sceach gheal asaróil | 0,01 (*) |
| 0154080 | Caora troim | 1 |
| 0154990 | Eile (2) | 1 |
| 0160000 | **Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil** | |
| 0161000 | **(a) craiceann inite** | 0,01 (*) |
| 0161010 | Dátaí | |
| 0161020 | Figí | |
| 0161030 | Ológa boird | |
| 0161040 | Cumcuait | |
| 0161050 | Torthaí réaltúla | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0161060 | Dátphlumaí Seapánacha | |
| 0161070 | Plumaí láva | |
| 0161990 | Eile (2) | |
| 0162000 | **(b) craiceann do-ite, é beag** | 0,01 (*) |
| 0162010 | Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí) | |
| 0162020 | Lítsíonna | |
| 0162030 | Páiseoga | |
| 0162040 | Piorraí deilgneacha | |
| 0162050 | Réalt-úlla | |
| 0162060 | Dátphlumaí Meiriceánacha | |
| 0162990 | Eile (2) | |
| 0163000 | **(c) craiceann do-ite, é mór** | |
| 0163010 | Abhacáid | 0,01 (*) |
| 0163020 | Bananaí | 0,01 (*) |
| 0163030 | Mangónna | 0,01 (*) |
| 0163040 | Papánna | 0,01 (*) |
| 0163050 | Pomagránaití | 0,4 |
| 0163060 | Céiriomoighe | 0,01 (*) |
| 0163070 | Guábhaí | 0,01 (*) |
| 0163080 | Anainn | 0,01 (*) |
| 0163090 | Torthaí aráin | 0,01 (*) |
| 0163100 | Duraígh | 0,01 (*) |
| 0163110 | Úlla deilgneacha | 0,01 (*) |
| 0163990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0200000 | **GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE** | |
| 0210000 | **Glasraí fréimhe agus tiúbair** | |
| 0211000 | **(a) prátaí** | 0,02 |
| 0212000 | **(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha** | 0,02 |
| 0212010 | Casabhaigh | |
| 0212020 | Prátaí milse | |
| 0212030 | Ionaim | |
| 0212040 | Ararút | |
| 0212990 | Eile (2) | |
| 0213000 | **(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra** | |
| 0213010 | Meacain bhiatais | 0,06 |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0213020 | Meacain dhearga | 0,08 |
| 0213030 | Soiliriac/soilire tornapa | 0,06 |
| 0213040 | Meacain ragaim | 0,06 |
| 0213050 | Bliosáin ghréine | 0,06 |
| 0213060 | Meacain bhána | 0,06 |
| 0213070 | Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg | 0,06 |
| 0213080 | Raidisí | 0,5 |
| 0213090 | Salsabh | 0,06 |
| 0213100 | Svaeideanna | 0,06 |
| 0213110 | Tornapaí | 0,06 |
| 0213990 | Eile (2) | 0,06 |
| 0220000 | **Glasraí bleibíní** | 0,01 (*) |
| 0220010 | Gairleog | |
| 0220020 | Oinniúin | |
| 0220030 | Seallóidí | |
| 0220040 | Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil | |
| 0220990 | Eile (2) | |
| 0230000 | **Glasraí a thugann torthaí** | |
| 0231000 | **(a) Solanaceae agus Malvaceae** | |
| 0231010 | Trátaí | 0,6 |
| 0231020 | Piobair | 1 |
| 0231030 | Ubhthorthaí | 0,6 |
| 0231040 | Ocra | 0,6 |
| 0231990 | Eile (2) | 0,6 |
| 0232000 | **(b) guird a bhfuil craiceann inite acu** | 0,3 |
| 0232010 | Cúcamair | |
| 0232020 | Gircíní | |
| 0232030 | Cúirséid | |
| 0232990 | Eile (2) | |
| 0233000 | **(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu** | 0,3 |
| 0233010 | Mealbhacáin | |
| 0233020 | Puimcíní | |
| 0233030 | Mealbhacáin uisce | |
| 0233990 | Eile (2) | |
| 0234000 | **(d) arbhar milis** | 0,2 |
| 0239000 | **(e) glasraí eile a thugann torthaí** | 0,2 |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0240000 | **Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)** | |
| 0241000 | **(a) praiseach bhlátha** | |
| 0241010 | Brocailí | 1 |
| 0241020 | Cóilis | 0,6 |
| 0241990 | Eile (2) | 0,6 |
| 0242000 | **(b) praiseach chinn** | |
| 0242010 | Bachlóga Bruiséile | 0,01 (*) |
| 0242020 | Cabáistí cinn | 2 |
| 0242990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0243000 | **(c) praiseach dhuilleach** | 20 |
| 0243010 | Cabáistí Síneacha | |
| 0243020 | Cáil | |
| 0243990 | Eile (2) | |
| 0244000 | **(d) cálráibí** | 0,01 (*) |
| 0250000 | **Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite** | 20 |
| 0251000 | **(a) leitísí agus plandaí sailéid** | |
| 0251010 | Ceathrúna uain | |
| 0251020 | Leitísí | |
| 0251030 | Searbháin muc | |
| 0251040 | Biolair agus eascróga agus peacáin eile | |
| 0251050 | Biolair thalún | |
| 0251060 | Roicéad Rómánach/rucola | |
| 0251070 | Mustard dearg | |
| 0251080 | Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí) | |
| 0251990 | Eile (2) | |
| 0252000 | **(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla** | |
| 0252010 | Spionáistí | |
| 0252020 | Puirsleáin | |
| 0252030 | Seardas/duilleoga biatais | |
| 0252990 | Eile (2) | |
| 0253000 | **(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla** | |
| 0254000 | **(d) biolair uisce** | |
| 0255000 | **(e) sreabháin na Beilge** | |
| 0256000 | **(f) luibheanna agus bláthanna inite** | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0256010 | Costóg | |
| 0256020 | Síobhas | |
| 0256030 | Duilleoga soilire | |
| 0256040 | Peirsil | |
| 0256050 | Sáiste | |
| 0256060 | Marós | |
| 0256070 | Tím | |
| 0256080 | Basal agus bláthanna inite | |
| 0256090 | Duilleog labhrais | |
| 0256100 | Dragan | |
| 0256990 | Eile (2) | |
| 0260000 | **Léagúim** | |
| 0260010 | Pónairí (a bhfuil faighneoga acu) | 0,8 |
| 0260020 | Pónairí (gan faighneoga) | 0,01 (*) |
| 0260030 | Piseanna (a bhfuil faighneoga acu) | 2 |
| 0260040 | Piseanna (gan faighneoga) | 0,01 (*) |
| 0260050 | Lintilí | 0,01 (*) |
| 0260990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0270000 | **Glasraí gais** | |
| 0270010 | Lus súgach | 0,01 (*) |
| 0270020 | Cardúin | 0,01 (*) |
| 0270030 | Soilirí | 10 |
| 0270040 | Finéal Fhlórans | 0,01 (*) |
| 0270050 | Bliosáin chruinne | 2 |
| 0270060 | Cainneanna | 0,01 (*) |
| 0270070 | Biabhóg | 0,01 (*) |
| 0270080 | Péacáin bhambú | 0,01 (*) |
| 0270090 | Croíthe pailme | 0,01 (*) |
| 0270990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0280000 | **Fungais, caonaigh agus léicin** | 0,01 (*) |
| 0280010 | Fungais shaothraithe | |
| 0280020 | Fungais fhiáine | |
| 0280990 | Caonaigh agus léicin | |
| 0290000 | **Algaí agus orgánaigh phrócaróit** | 0,01 (*) |
| 0300000 | **PISEÁNAIGH** | **0,3** |
| 0300010 | Pónairí | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0300020 | Lintilí | |
| 0300030 | Piseanna | |
| 0300040 | Lúipíní/pónairí lúipíní | |
| 0300990 | Eile (2) | |
| 0400000 | **OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ** | |
| 0401000 | **Olashíolta** | |
| 0401010 | Ros lín | 0,01 (*) |
| 0401020 | Piseanna talún | 0,06 |
| 0401030 | Síolta poipín | 0,01 (*) |
| 0401040 | Síolta seasamain | 0,01 (*) |
| 0401050 | Síolta lus na gréine | 2 |
| 0401060 | Síolta ráibe | 2 |
| 0401070 | Pónairí soighe | 0,05 |
| 0401080 | Síolta mustaird | 0,01 (*) |
| 0401090 | Síolta cadáis | 0,3 |
| 0401100 | Síolta puimcín | 0,01 (*) |
| 0401110 | Síolta cróch bréige | 0,01 (*) |
| 0401120 | Síolta borráiste | 0,01 (*) |
| 0401130 | Caimilín | 0,01 (*) |
| 0401140 | Síolta cnáibe | 0,01 (*) |
| 0401150 | Pónairí ricne | 0,01 (*) |
| 0401990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0402000 | **Olathorthaí** | |
| 0402010 | Ológa le haghaidh táirgeadh ola | 0,01 (*) |
| 0402020 | Eithní pailme ola | 0,01 (*) |
| 0402030 | Torthaí pailme oila | 0,8 |
| 0402040 | Capac | 0,01 (*) |
| 0402990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 0500000 | **GRÁNAIGH** | |
| 0500010 | Eorna | 0,02 |
| 0500020 | Ruán agus bréag-ghránaigh eile | 0,02 |
| 0500030 | Arbhar Indiach/arbhar | 0,02 |
| 0500040 | Muiléad coiteann | 0,02 |
| 0500050 | Coirce | 0,02 |
| 0500060 | Rís | 0,4 |
| 0500070 | Seagal | 0,02 |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0500080 | Sorgam | 0,02 |
| 0500090 | Cruithneacht | 0,02 |
| 0500990 | Eile (2) | 0,02 |
| 0600000 | **TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB** | 0,02 (*) |
| 0610000 | **Taenna** | |
| 0620000 | **Pónairí caife** | |
| 0630000 | **Insiltí luibhe ó** | |
| 0631000 | **(a) bláthanna** | |
| 0631010 | Camán meall | |
| 0631020 | Roiseog | |
| 0631030 | Rós | |
| 0631040 | Seasmain | |
| 0631050 | Teile | |
| 0631990 | Eile (2) | |
| 0632000 | **(b) duilleoga agus luibheanna** | |
| 0632010 | Sú talún | |
| 0632020 | Rooibos | |
| 0632030 | Maité | |
| 0632990 | Eile (2) | |
| 0633000 | **(c) fréamhacha** | |
| 0633010 | Caorthann corraigh | |
| 0633020 | Ginsing | |
| 0633990 | Eile (2) | |
| 0639000 | **(d) aon chuid eile den phlanda** | |
| 0640000 | **Pónairí cócó** | |
| 0650000 | **Carúib** | |
| 0700000 | **LEANNLUSANNA** | 40 |
| 0800000 | **SPÍOSRAÍ** | |
| 0810000 | **Spíosraí ó shíolta** | 0,02 (*) |
| 0810010 | Ainís | |
| 0810020 | Calaindí | |
| 0810030 | Soilire | |
| 0810040 | Lus an choire | |
| 0810050 | Cuimín | |
| 0810060 | Lus mín | |
| 0810070 | Finéal | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0810080 | Feinigréag | |
| 0810090 | Noitmig | |
| 0810990 | Eile (2) | |
| 0820000 | **Spíosraí ó thorthaí** | 0,02 (*) |
| 0820010 | Ilspíosra/pimeantó | |
| 0820020 | Piobar Szechuan | |
| 0820030 | Cearbhas | |
| 0820040 | Cardamam | |
| 0820050 | Caor aitil | |
| 0820060 | Piobarchaor (í dubh, glas agus bán) | |
| 0820070 | Fanaile | |
| 0820080 | Tamarain | |
| 0820990 | Eile (2) | |
| 0830000 | **Spíosraí ó choirt** | 0,02 (*) |
| 0830010 | Cainéal | |
| 0830990 | Eile (2) | |
| 0840000 | **Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm** | |
| 0840010 | Liocras | 0,02 (*) |
| 0840020 | Sinséar (10) | |
| 0840030 | Tuirmiric/curcuma | 0,02 (*) |
| 0840040 | Meacain ragaim (11) | |
| 0840990 | Eile (2) | 0,02 (*) |
| 0850000 | **Spíosraí ón mbachlóg** | 0,02 (*) |
| 0850010 | Clóibh | |
| 0850020 | Caprais | |
| 0850990 | Eile (2) | |
| 0860000 | **Spíosraí ó phistil bláthanna** | 0,02 (*) |
| 0860010 | Cróch | |
| 0860990 | Eile (2) | |
| 0870000 | **Spíosraí arail** | 0,02 (*) |
| 0870010 | Maicis | |
| 0870990 | Eile (2) | |
| 0900000 | **PLANDAÍ SIÚCRA** | |
| 0900010 | Fréamhacha biatas siúcra | 0,02 |
| 0900020 | Cánaí siúcra | 0,5 |
| 0900030 | Fréamhacha siocaire | 0,02 |
| 0900990 | Eile (2) | 0,01 (*) |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 1000000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN** | |
| 1010000 | **Tráchtearraí ó** | |
| 1011000 | **(a) mucra** | |
| 1011010 | Matán | 0,2 |
| 1011020 | Saill | 0,2 |
| 1011030 | An t-ae | 0,2 |
| 1011040 | An duán | 0,2 |
| 1011050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,2 |
| 1011990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1012000 | **(b) bó-ainmhí** | |
| 1012010 | Matán | 0,2 |
| 1012020 | Saill | 0,2 |
| 1012030 | An t-ae | 0,2 |
| 1012040 | An duán | 0,2 |
| 1012050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,2 |
| 1012990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1013000 | **(c) caoraigh** | |
| 1013010 | Matán | 0,2 |
| 1013020 | Saill | 0,2 |
| 1013030 | An t-ae | 0,2 |
| 1013040 | An duán | 0,2 |
| 1013050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,2 |
| 1013990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1014000 | **(d) gabhar** | |
| 1014010 | Matán | 0,2 |
| 1014020 | Saill | 0,2 |
| 1014030 | An t-ae | 0,2 |
| 1014040 | An duán | 0,2 |
| 1014050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,2 |
| 1014990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1015000 | **(e) eachaí** | |
| 1015010 | Matán | 0,2 |
| 1015020 | Saill | 0,2 |
| 1015030 | An t-ae | 0,2 |
| 1015040 | An duán | 0,2 |
| 1015050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,2 |
| 1015990 | Eile (2) | 0,01 (*) |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 1016000 | **(f) éanlaith chlóis** | |
| 1016010 | Matán | 0,01 (*) |
| 1016020 | Saill | 0,08 |
| 1016030 | An t-ae | 0,07 |
| 1016040 | An duán | 0,07 |
| 1016050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,07 |
| 1016990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1017000 | **(g) ainmhithe talún feirme eile** | |
| 1017010 | Matán | 0,2 |
| 1017020 | Saill | 0,2 |
| 1017030 | An t-ae | 0,2 |
| 1017040 | An duán | 0,2 |
| 1017050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 0,2 |
| 1017990 | Eile (2) | 0,01 (*) |
| 1020000 | **Bainne** | 0,05 |
| 1020010 | Eallach | |
| 1020020 | Caoirigh | |
| 1020030 | Gabhar | |
| 1020040 | Capall | |
| 1020990 | Eile (2) | |
| 1030000 | **Uibheacha éan** | 0,2 |
| 1030010 | An chearc | |
| 1030020 | Lacha | |
| 1030030 | Géanna | |
| 1030040 | Gearg | |
| 1030990 | Eile (2) | |
| 1040000 | **Mil agus táirgí beachaireacht eile** (7) | 0,05 (*) |
| 1050000 | **Débheathaigh agus Reiptílí** | 0,01 (*) |
| 1060000 | **Ainmhithe inveirteabracha talún** | 0,01 (*) |
| 1070000 | **Ainmhithe veirteabracha talún fiáine** | 0,01 (*) |
| 1100000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)** | |
| 1200000 | **TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)** | |
| 1300000 | **TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)** | |

(*) Teorainn cinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I,”